



2025/1527

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1527 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Iúil 2025

maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 41028 agus údarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 30148 mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach dhá iarratas maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 41028 agus údarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 30148. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais.
- (3) Baineann na hiarratais le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 41028 agus údarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 30148 mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar sna hiarratais sin go n-aicmeofaí na breiseáin sin i gcatagóir na mbreiseáin 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 26 Samhain 2024 ⁽²⁾ maidir le húsáid na n-ullmhóidí arb é atá iontu *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 41028 agus *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 30148, go bhfuil siad sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoirí craicinn iad na breiseáin, gur cheart a mheas go bhféadfadh sé gur íogróirí craicinn agus riospráide iad, go bhfuil riosca ag gabháil le haon nochtadh tríd an gcráiceann agus an chonair riospráide don bhreiseáin sin agus nach bhféadfaí teacht ar chonclúid maidir leis an ngreannú súl a d'fhéadfadh siad a dhéanamh. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfaí feabhas a chur ar tháirgeadh sadhlais d'ábhar úr trí *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 41028 agus *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 30148 a chur leis ar íosleibhéal 1×10^9 ADC/kg (aonad déanta coilíneachta) d'ábhar plandaí úr.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún maidir leis na hullmhóidí arb é atá iontu *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 41028 agus *Lactiplantibacillus plantarum* NCIMB 30148, go gcomhlíonann siad na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na n-ullmhóidí sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(12), e9142. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9142>.
EFSA Journal [Iris EFSA] 22(12), e9143. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9143>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na hullmhóidí a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóidí a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', údaraítear iad mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar úr			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k20713	<i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 41028	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid arb é atá inti <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 41028 ina bhfuil íosmhéid 7×10^{10} ADC/g de bhreiseán. Foirm sholadach ----- Saintréithriú na substainte gníomhaí Cealla inmharthana <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 41028 ----- Modh anailíse ⁽¹⁾ Sainaithint <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 41028: — Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) (CEN/TS 17697) Áireamh <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 41028: — Modh an leata ar phláta (nó modh an doirte ar phláta) ar agar MRS (EN 15787)	Gach speiceas ain- mhíoch	-	-	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú. 2. Íosdáileog an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i dteaghlaim le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1×10^9 ADC/kg d'ábhar plandaí úr. 3. D'fhéadfadh na substaintí seo a leanas, <i>inter alia</i>, a bheith i measc na n-oibreán criócosanta a úsáidtear san ullmhóid arb é atá inti <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 41028: — glicín $\leq 14 \%$ — eiritorbáit sóidiam $\leq 14 \%$ 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	an 19 Lúnasa 2035

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar úr			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k20714	<i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 30148	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid arb é atá inti <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 30148 ina bhfuil íosmhéid 7×10^{10} ADC/g de bhreiseán Foirm sholadach ----- Saintréithriú na substainte gníomhaí Cealla inmharthana <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 30148 ----- Modh anailíse ⁽¹⁾ Sainaithint <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 30148: — Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) (CEN/TS 17697) Áireamh <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 30148: — Modh an leata ar phláta (nó modh an doirte ar phláta) ar agar MRS (EN 15787)	Gach speiceas ain- mhíoch	-	-	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú. 2. Íosdáileog an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i dteaghlaim le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1×10^9 ADC/kg d'ábhar plandaí úr. 3. D'fhéadfadh na substaintí seo a leanas, <i>inter alia</i>, a bheith i measc na n-oibreán criócosanta a úsáidtear san ullmhóid arb é atá inti <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> NCIMB 30148: — glicín ≤ 21 % — eiritorbáit sóidiam ≤ 21 % 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáil a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	19 Lúnasa 2035
⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga .								